

## AN ARDCHÚIRT

Uimhir Thaidid: 2008/3758P

### IDIR/

THOMAS GEANEY, ORLA O'SHEA (MIONAOISEACH AR AGRA A MÁTHAR AGUS A NASC-CHARA BRENDA O' SHEA), JOSHUA SPINN (MIONAOISEACH AR AGRA A MHÁTHAR AGUS A NASC-CHARA SYLVIA HARRINGTON), DAVID J. KENNEDY (MIONAOISEACH AR AGRA A MHÁTHAR AGUS A NASC-CHARA ELIZABETH KENNEDY), ALICE HAYES (MIONAOISEACH AR AGRA A MÁTHAR AGUS A NASC-CHARA ANNE HAYES), HELENA MORIARTY (MIONAOISEACH AR AGRA A MÁTHAR AGUS A NASC-CHARA KATHLEEN MORIARTY), DAVID GEANEY (MIONAOISEACH AR AGRA A MHÁTHAR AGUS A NASC-CHARA SUSAN GEANEY), RÓISÍN FAHY (MIONAOISEACH AR AGRA A MÁTHAR AGUS A NASC-CHARA SYLVIA FAHY), ANASTASIA LYAMINA (MIONAOISEACH AR AGRA A MÁTHAR AGUS A NASC-CHARA TATIANA FERRITER), MAXIME ANTAR (MIONAOISEACH AR AGRA A MHÁTHAR AGUS A NASC-CHARA EMER ANTAR), RICO HONEGGAR (MIONAOISEACH AR AGRA A MHÁTHAR AGUS A NASC-CHARA SUSAN HONEGGAR), VASILISA IZMAILOVITS (MIONAOISEACH AR AGRA A MÁTHAR AGUS A NASC-CHARA MARINA IZMAILOVITS)

GEARÁNAITHE

### AGUS/

BORD BAINISTÍOCHTA PHOBALSCOIL CHORCA DHUIBHNE, CONSOLATA BRACKEN, VIVIENNE DUNNE, BARNEY O'REILLY AN tAIRE OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA, ÉIRE AGUS AN tARD-AIGHNE

COSANTÓIRÍ

## COMHAONTÚ SOCRAITHE

Aontaíonn na páirtithe mar seo a leanas mar shocrú iomlán críochnúil ar éilimh na ngearánaithe anseo:

### Ag féachaint do:

- Cuspóir gach pobalscoile mar atá leagtha amach sa ghníomhas iontaobhais eiseamláireach córas cuimsitheach iarbhunoideachais oscailte do gach páiste sa phobal a sholáthar a chuimsíonn teagasc sna hábhair acadúla agus praiticiúla ar aon chomh maith le hoideachas leanúnach do daoine ina gcónaí cóngarach don scoil agus go ginearálta ar mhaithe le cur le leas agus forbairt an phobail sin ar bhonn spioradálta, morálta, meabhrach agus fisiciúil,
- go n-aithníonn na páirtithe go léir gur chóir Pobalscoil Chorca Dhuibhne (PCD) a chumasú chun oideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil chun freastal ar a cuid dualgas faoin Acht Oideachais chun cur le cothabháil na Gaeilge sa Ghaeltacht, ag aithint ag an am céanna go bhfuil mic léinn cláraithe le PCD, agus go bhféadfadh tuilleadh acu clárú, gan a ndóthain eolais ar an nGaeilge acu chun a bheith rannpháirteach i ranganna a reachtálar go heisiach trí Ghaeilge.
- Rangú '1' PCD ar Liosta na Scoileanna Iarbhunoideachais arna fhoilsiú ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta, agus
- An tAcht Oideachais 1998.

### **Beartaíonn na páirtithe mar seo a leanas:**

1. Cinnteoidh polasaithe, beartais agus cleachtas clárúcháin agus teagaisc PCD go mbeidh an scoil ar oscailt do gach páiste sa phobal. Cuimsíonn sé seo iontráil chun na scoile agus páirt a ghlacadh i ngach gné de shaol na scoile. Go sonrach de réir polasaithe, beartais agus cleachtas clárúcháin agus teagaisc PCD, ní bheidh leibhéal áirithe cumais sa Gaeilge riachtanach do aon pháiste a fhéachann le clárú leis an scoil ná ní bheidh leibhéal áirithe cumais sa Ghaeilge i dteaghlach an pháiste sin riachtanach.
2. Ag tosú i Meán Fómhair 2009 cuirfidh an scoil ‘Soláthar Lán-Ghaeilge’ ar fáil .i. leibhéal soláthair lán-Ghaeilge a chinnteoidh gur féidir le gach duine sa phobal, agus go sonrach iadsan a bhfuil cónaí orthu sa Ghaeltacht, a bhfuil sé ar a gcumas go gcuirfí oideachas orthu go heisiach trí Ghaeilge, go gcuirfí oideachas orthu go heisiach trí Ghaeilge amhlaidh agus iad i ranganna Thimthrialacha na Sóisear agus na Sinsear sa scoil.
3. Chun freagairt do mhic léinn aonair a bhfuil deacrachtaí acu le Gaeilge i rith a dtréimhse ar PCD ar shlí atá inmharthana, agus go sonrach ag féachaint don rogha níos leithne ábhar atá ar fáil i dTimthriail na Sinsear a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh don inmharthanacht sin sa chás nach mbeadh ach líon beag mac léinn a mbeadh deacrachtaí leanúnacha acu le Gaeilge, cuirfidh an scoil ar fáil ó Mhéal Fómhair 2009 chomh maith:
  - 3.1. Clár ‘Droichead’ dátheangach comhthreomhar do mhic léinn i dTimthriail na Sóisear a bhfuil deacrachtaí acu a bheith rannpháirteach i soláthar a dhéantar go príomha trí mheán na Gaeilge.
  - 3.2. ‘Córas Tacaíochta’ comhtháite do mhic léinn i dTimthriail na Sinsear a bhfuil deacrachtaí leanúnacha acu a bheith rannpháirteach i soláthar a dhéantar go príomha trí mheán na Gaeilge.

### **An Droichead**

4. Is é cuspóir an chláir ‘Droichead’ ná mic léinn a chumasú chun aistriú chuig gach soláthar ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge agus chun páirt a ghlacadh ann. Mar an gcéanna, cuirfidh sé ar chumas na mac léinn rochtain a bheith acu le hoideachas ar shlí atá intuigthe dóibh agus a thagann lena leas oideachasúil.
5. Feidhmeoidh an ‘Droichead’ de réir na bprionsabal seo a leanas:
  - 5.1. Sannfaidh bainistíocht na scoile mic léinn don ‘Soláthar Lán-Ghaeilge’ nó don ‘Droichead’ ar an mbonn seo a leanas:
    - 5.1.1 Féachfar do (a) rogha na dtuismitheoirí agus an mhic léinn arna chur sin in iúl ag plé na ceiste leis an scoil dóibh, (b) cumas teanga an mhic léinn sa Ghaeilge (chun cabhrú le bainistíocht na scoile agus le Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, suífidh mic léinn measúnú caighdeánaithe cuí agus glacfaidh siad páirt in agallamh neamhfhoirmiúil a eagróidh an scoil) agus (c) eolas cuí arna chur ar fáil ag an tuismitheoir, an mac léinn agus/nó ag scoil ar fhreastail an mac léinn uirthi roimhe sin.
    - 5.1.2 De ghnáth déanfar an sannú ar bhonn rogha na dtuismitheoirí agus an mhic léinn i gcomhairle leis an scoil.
    - 5.1.3 Sa chás go measann bainistíocht na scoile le réasún go bhfuil mac léinn a dteastaíonn uaidh/uaithi clárú leis an ‘Soláthar Lán-Ghaeilge’ nó leis an ‘Droichead’ níos oiriúnaí dá s(h)annú don cheann eile, cinnfidh Fo-choiste Droichid an Bhoird Bhainistíochta sannú an mhic léinn sin ag féachaint do na

nithe a leagtar amach ag 5.1.1 agus ag 5.1.2. Déanfaidh an Fo-choiste Droichid a chinneadh laistigh de 10 lá.

- 5.2. Féadfaidh mic léinn a bhfuil futhu clárú leis an scoil leas a bhaint as tacaíochtaí Gaeilge a chuirfidh PCD ar fáil roimh chlárú agus mheasúnú, mar shampla, ranganna Gaeilge san iarnóin sa tréimhse réamhchlárú, nó scoláireachtaí le haghaidh cúrsaí samhraidh Gaeilge.
- 5.3. Cinnteoidh coibhneas úsáide na Gaeilge agus an Bhéarla sa seomra ranga i gcónaí tuiscint agus foghlaim ó thaobh na mac léinn de chomh fada agus is infheidhmithe agus áiseoidh sé forbairt leanúnach chumas na mac léinn sa Ghaeilge.
- 5.4. Laghdófar an spleáchas ar an mBéarla de réir a chéile de réir chumas feabhsaithe na mac léinn sa Ghaeilge.
- 5.5. Tacófar leis na mic léinn agus spreagfar iad chun aistriú ón ‘Droichead’ chomh luath agus is féidir i gcomhréir lena leas oideachasúil. Áiseofar aistriú an mhic léinn in ábhair aonair sa chás gur féidir é.
- 5.6. Cinnfidh bainistíocht na scoile tráth aistrithe mic léinn ón ‘Droichead’ mar seo a leanas:
  - 5.6.1. Féachfar do (a) rogha na dtuismitheoirí agus an mhic léinn arna chur sin in iúl ag plé na ceiste leis an scoil dóibh, (b) dul chun cinn teanga an mhic léinn sa Ghaeilge, agus (c) forais chuí oideachasúla.
  - 5.6.2. De ghnáth cinnfear tráth aistrithe an mhic léinn ar bhonn rogha na dtuismitheoirí agus an mhic léinn i gcomhairle leis an scoil.
  - 5.6.3. Sa chás go measann bainistíocht na scoile le réasún go bhfuil mac léinn nach dteastaíonn uaidh/uaithi aistriú chuig an ‘Soláthar Lán-Ghaeilge’ oiriúnach don aistriú sin, cinnfidh Fo-choiste Droichid an Bhoird Bhainistíochta an cheist faoi aistriú an mhic léinn sin ag féachaint do na nithe a leagtar amach ag 5.6.1 agus ag 5.6.2. Déanfaidh an Fo-choiste Droichid a chinneadh laistigh de 10 lá.
- 5.7. Tar éis dó/di aistriú ón ‘Droichead’ déanfar monatóireacht chúramach ar dhul chun cinn an mhic léinn agus tacóidh ‘cúntóirí teanga’ leis/léi mar aon le tacaíochtaí teanga eile de réir mar is gá.
- 5.8. Sa chás go mbíonn deacrachtaí ag mac léinn i gcónaí le foghlaim sa Soláthar Lán-Ghaeilge, d’ainneoin tacaíochtaí agus idirghabhála breise, áiseofar don dalta sin filleadh ar an ‘Droichead’.

### **An ‘Córas Tacaíochta’ do mhic léinn i dTimthriail na Sinsear**

6. Is é cuspóir an ‘Córas Tacaíochta’ ná mic léinn i dTimthriail na Sinsear a chumasú chun a bheith rannpháirteach i ngach soláthar nuair is trí mheán na Gaeilge atá an teagasc. Dá réir sin, cuirfidh sé ar chumas na mac léinn rochtain a bheith acu le hoideachas ar shlí atá intuigthe dóibh agus a thagann lena leas oideachasúil.
7. Feidhmeoidh an ‘Córas Tacaíochta’ de réir na bprionsabal seo a leanas:
  - 7.1. Beidh roinnt idirghabhála spriocdhírthe ann chun tacú le mic léinn a mbíonn deacrachtaí leanúnacha acu le Gaeilge. Tá sé seo riachtanach chun go bhfreagóidh an clár do riachtanais an mhic léinn aonair agus chun cothabháil cláir inmharthana a chinntiú.

- 7.2. I rith chlár na hidirbhliana, cuirfear ar fáil modúil ar leith a bheidh oiriúnaithe agus spriocdhírthe ar riachtanais an mhic léinn aonair i gceist. Díreoidh na sainmhodúil seo go sonrach ar mhic léinn a chumasú go dtuige siad agus go n-úsáide siad an tearmaíocht a chasfar orthu sna hábhair a mbeifear ag súil go ndéanfaidh na daltaí i gceist don Ardteist. Spreagfar mic léinn chun raon leathan roghanna ábhar a choimeád ar oscailt. Tabharfar an aird chuí ar riachtanais teanga an mhic léinn agus cinneadh á dhéanamh faoina (h)iontráil san idirbhliain.
- 7.3. Tar éis a n-aistrithe go clár na hArdteiste, beidh tacaíochtaí a chuimseoidh aon cheann acu seo thíos, nó iad go léir, de réir mar a mheastar é a bheith cuí, ag mic léinn a mbíonn deacrachtaí fós acu:
- Ranganna forbartha agus tacaíochta sa Ghaeilge
  - Ranganna teagaisc
  - Cúntóirí teanga (cúntóirí múinteoirí)
  - Cúnamh aonair ón múinteoir, mar shampla, agus an chuid eile den rang i mbun ceachta
  - Oiliúint i scileanna staidéir
  - Leas a bhaint as an teangalann (lena n-áirítear foghlaim teanga ríomhchuidithe)
  - Cúnamh foclóra sa rang ar dhiscreíd an mhúinteora
- 7.4. Nuair a thosaíonn mac léinn a bhfuil deacrachtaí i gcónaí le teagasc trí Ghaeilge aige/aici ar Chlár na hArdteiste, ceapfar ‘Ráiteas Tacaíochta Aonair’ (*RTA*) dó/di. Sainithneoidh an ráiteas seo an t-ábhar ar leith, nó ceantair laistigh de ábhar ar leith, a d’fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag an mac léinn leo sa seomra ranga.
- 7.5. Leagfaidh an RTA amach an tacaíocht a chuirfear ar fáil don mhac léinn lasmuigh den rang ar leith agus conas a thabharfar an tacaíocht sin dó/di. Ag brath ar riachtanais an mhic léinn aonair, cuimseoidh na tacaíochtaí seo aon cheann acu seo thíos, nó iad go léir, de réir mar a mheastar é a bheith cuí:
- Cúnamh le tearmaíocht áirithe a bhaineann le hábha(i)r ar leith
  - Réamhrá roimh an rang don phlean ceachta/don ábhar a dhéanfar sa rang nó i sraith ranganna.
  - Achoimre tar éis an ranga ar ábhar an ranga
  - Teagasc aonair nó i ngrúpa
- 7.6. Luaifidh an RTA an méid tacaíochta a thabharfar in aon chatagóir ar leith a bhaineann le hábhar agus tabharfar suas chun dáta agus leasófar é de réir mar a théann an mac léinn trí Chlár na hArdteiste de réir mar a thagann riachtanais nua chun cinn.

### **Soláthar ar leith do mhic léinn reatha i mBlianta 4-6 i 2009/2010**

8. Rachaidh na mic léinn a bheas i mBlianta 4-6 i rith na scoilbhliana 2009-2010 tríd an scoil agus críochnóidh siad amach a gcuid oideachais i bPCD sa tslí a bhfaighidh siad a gcuid oideachais i dteanga a thuigeann siad. Sna ranganna seo, tabharfar feidhm do na príonsabail seo a leanas (ag féachaint don Ghaeilge mar phríomhtheanga teagaisc laistigh den scoil):-

- 8.1. I ngach rang a mbíonn deacracht ar leith ag mac léinn le téarma ar leith nó le leagan cainte ar leith as Gaeilge, tabharfaidh an múinteoir a chomhaith i mBéarla dó/di.
- 8.2. Ba chóir do sholúbacht réasúnach a bheith sa seomra ranga ar mhaithe le tacú le foghlaim na mac léinn a d'fhéadfadh deacrachtaí leanúnacha a bheith acu le Gaeilge.
- 8.3. Beidh tacaíochtaí teanga ar fáil sna Blianta seo de réir mar a théann siad tríd an scoil agus mar a chríochnaíonn siad amach a gcuid oideachais i bPCD, agus tacaíocht faoi sin ag comhairle ghairmiúil teanga a gheobhaidh an scoil, chun tacú le rannpháirtíocht na mac léinn sna heispéiris foghlama a chuirfidh an scoil ar fáil.
- 8.4. Dá bhrí sin, rachaidh na mic léinn seo tríd an scoil agus críochnóidh siad a gcuid oideachais amach i bPCD le tacaíocht dhátheangach.
- 8.5. Féadfaidh na mic léinn seo rogha a dhéanamh de téascleabhair Bhéarla a úsáid, a gcuid obair bhaile agus scrúduithe scoile, scrúduithe bréige san áireamh, a dhéanamh as Gaeilge nó as Béarla agus ceartófar obair an mhic léinn sa teanga is rogha leis an mac léinn.
- 8.6. Is é an cuspóir atá leis an soláthar dátheangach a dhéanfar do na mic léinn sa chatagóir seo ná chun a chinntiú, chomh fada agus is infheidhmithe, go gcuirfear ar chumas na mac léinn nach bhfuil leordhóthain cumas sa Ghaeilge acu tuiscint agus foghlaim ar an mbonn céanna leis an gcuid eile. Cuirfear an beartas dátheangach a bhaineann leis an sainchatagóir mac léinn seo i bhfeidhm trí dhiscréid a bhronnadh ar an múinteoir aonair, le húdarás an Bhoird, chun freagairt do na riachtanais teanga sin (mar shampla, trí Bhéarla a úsáid chun soiléiriú a chur ar fáil do mhic léinn aonair, chun réamhrá agus achoimre a thabhairt ar ábhar an ranga ag baint leas as Béarla agus solúbacht maidir le hobair bhaile agus úsáid téacsanna de réir mar is gá). Fiú le cur i bhfeidhm an bheartais agus an pholasaí seo, ba inmholta do mhic léinn féachaint le cumas sa Ghaeilge a thabhairt leo chun páirt níos iomláine a ghlacadh in imeachtaí an tseomra ranga agus i mórshaol na scoile.

### **Meastóireacht agus nithe eile**

9. Déanfaidh Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta meastóireacht ar fheidhmiú an 'Droichead' agus an 'Córas Tacaíochta' de réir mar a fheidhmíonn siad agus ina dhiaidh sin de réir mar is cuí. Beidh na comhairliúcháin a reachtálfar le linn na meastóireachta seo ar aon dul le Meastóireacht Scoile Uile, lena n-áirítear comhairliúchán le tuismitheoirí agus le mic léinn faoina dtaithí foghlama, agus beidh an tuairisc ar fáil ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta do pháirtithe leasmhara mar aon le haon fhreagra a thabharfaidh údaráis na scoile uirthi. Tabharfaidh aon mheastóireacht san áireamh a bhfuil i Sceideal A den chomhaontú seo.
10. Bunaithe ar obair mheastóireachta na Cigireachta, ar an éileamh a bhíonn ar an 'Soláthar Lán-Ghaeilge', ar an 'Droichead' agus ar an 'Córas Tacaíochta' i bhfianaise iontógála bliantúla gach ceann acu thar tréimhse, agus an rath, nó a mhalairt, a bhíonn ar aistriú ón gclár 'Droichead', féadfaidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, trína feidhm pleánála scoile, aon iarratas amach anseo ar sholáthar ar leithligh trí mheán an Bhéarla a mheas agus féachaint don leas is fearr a bhaint as na háiseanna fisiciúla atá ann agus ar fáil don Stát agus an beartas poiblí mar a thagann forbairt air maidir le cosaint na Gaeilge.
11. I gcás na mac léinn a bhfuil riachtanais speisialta aitheanta acu de réir na reachtaíochta a bhaineann le hábhar, beidh an deis ag tuismitheoirí na riachtanais speisialta sin a chur in

iúl don scoil agus an mac léinn á c(h)lárú. In aon chás eile, nuair a bhíonn buairt ar thuismitheoir/chaomhnóir, a luaite agus a cuirtear an bhúairt sin in iúl don scoil déanfaidh an scoil teagmháil le síceolaí de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) chun go ndéanfaí measúnú ar an mac léinn sin. Gníomhóidh an scoil de réir mholtaí an tsíceolaí SNSO agus cuirfear plean oideachais aonair ar fáil don mhac léinn sin sa Soláthar Lán-Ghaeilge nó sa Droichead (nó más cuí i Rang Speisialta) dá t(h)réimhse i bPCD.

12. Beidh mic léinn i bPCD i dteideal leas a bhaint as téarmaí aon fhorála ghinearálta arna dhéanamh ag an Roinn maidir le díolúine ó staidéar a dhéanamh ar an ábhar ‘Gaeilge’. Tá na forálacha ginearálta reatha ina thaobh seo teoranta do dhíolúine ó na tréimhsí staidéir san abhar ‘Gaeilge’ ar an gclár ama mar a mhínítear i mír 5 de Sceideal A.
13. Nótálann na páirtithe cleachtas reatha Choimisiún na Scrúduithe Stáit faoinar féidir le mac léinn ar bith in ionad scrúdaithe ar bith rogha a dhéanamh a c(h)uid scrúduithe a shuí trí Ghaeilge nó trí Bhéarla agus gur féidir rochtain a bheith acu leis an leagan Gaeilge agus leis an leagan Béarla den pháipéar ceisteanna ar aon.
14. Cuirfear oideachas ar mhac léinn ar bith a thagann isteach sa scoil den chéad uair sna cúig bliana amach romhainn, nó a dhéanann bliain in athuair, de réir an tsoláthair sa rang bliana a dtagann sé/sí isteach ann, de réir an chomhaontaithe seo. Beidh tacaíochtaí teanga, mar shampla, cúntóirí teanga ar fáil do gach grúpa bliana.

#### **Áiseanna Teagaisc**

15. Aithníonn an tAire Oideachais agus Eolaíochta agus a Roinn óna dtaobh siúd de gur gá áiseanna teagaisc breise chun an clár ‘Droichead’ a chur ar bun thar mar a chuirfí ar fáil de ghnáth do scoil le líon mac léinn dá shórt. Geallann an tAire agus an Roinn na háiseanna breise seo a chur ar fáil faoi na gnáthphróisis leithdháilte a éilíonn go leagfadh scoil amach an bunús ar a bhfuil aon mhéid áirithe áiseanna breise curaclaim ag teastáil agus faoinar gá don scoil a léiriú go n-úsáidtear an leithdháileadh caighdeánach áiseanna teagaisc go barrmhaith.
16. Cé go nglactar leis gur chóir do rogha na n-ábhar a bheith cosúil do mhic léinn, ní foláir a thabhairt faoi deara gur dócha go mbeidh laghdú i rogha na n-ábhar i scoileanna trí chéile de thoradh cinntí buiséadacha atá tógtha ag an Rialtas maidir le leithdháileadh muinteoírí agus nach féidir le feidhmiú an chomhaontaithe seo díolúine a thabhairt do PCD ó na hathruithe ginearálta sin.

#### **Tacaíochtaí eile**

17. Fuair an scoil airgeadú i gcomhair tacaíochtaí eile ón Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta. Feasta, breathnóidh an tAire agus an Roinn ar thacaíochtaí eile a airgeadú ar bhonn aon cháis a dhéanfaidh PCD agus ag féachaint do aon airgeadú poiblí eile a bheas ar fáil don scoil.

#### **Cóiríocht**

18. Déanfar próiseáil ar aon cheist maidir le dóthanacht na cóiríochta nó an gá le cóiríocht bhreise tríd na gnáthphróisis measúnachta agus soláthair de chuid Aonán Pleanála agus Foirgníochta na Roinne.

#### **Nósanna Imeachta Casaoide**

19. Déanfar plé le casaoidí ó dhaoine aonair sa scoil i dtaobh fheidhmiú an chomhaontaithe seo mar seo a leanas le héifeacht ó dháta an lae inniu ar aghaidh:

- i. Maidir le mionchasaoidí, ba chóir don dalta/tuismitheoir a gcasaoid a chur in iúl don mhúinteoir i gceist i gcéadair (más cuí).
- ii. Muna réitítear an chasaoid ag an bpointe sin, nó i gcás casaoide níos tromáí ba chóir don dalta/tuismitheoir a gcasaoid a chur in iúl don phríomhoide scoile nó don phríomhoide ionaid. Ba chóir casaoid nach mbaineann le múinteoir ar leith nó le rang ar leith a chur ar shúile an phríomhoide nó an phríomhoide ionaid i gcéadair.
- iii. Sa chás nach féidir cúrsaí a réiteach ag céimeanna i agus ii thuas, féadfaidh na tuismitheoirí/daltaí a gcasaoide a thógáil go dtí an Bord Bainistíochta.
- iv. Agus an chasaoid á measúnú ag an mBord ba chóir don Bhord duine a cheapadh ó thaobh amuigh den scoil ó phainéal a cheapfaidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gcomhaontas le Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha (CSPC) chun an t-ábhar a mheas. Rachaidh an duine seo i bun cúrsaí leis an páirtithe agus tabharfaidh sé/sí tuairisc don Bhord le moltaí réitigh.
- v. Ba chóir don Bhord an próiseas ag iii agus iv den alt seo a chríochnú agus a chinneadh a bheith tugtha don dalta/tuismitheoir ina thaobh laistigh de mhí ón uair a gcuirfear an chasaoid faoi bhráid an Bhoird i gcéadair ag an dalta/tuismitheoir;

## **Teanga**

20. Beidh comhsheasamh ag na téacsanna Gaeilge agus Béarla den chomhaontú seo.
21. Déanfaidh an scoil cumarsáid le tuismitheoirí maidir le leas oideachasúil a gclainne agus rannpháirtíocht a gclainne i saol na scoile i nGaeilge agus/nó i mBéarla ar rogha na dtuismitheoirí. Féadfaidh roinntí cumarsáidí a bheith dátheanagach.
22. Reachtálfar imeachtaí an Bhoird Bhainistíochta sa tslí is go dtuigfear iad ag cách.

## **Sceideal A**

### **1. Réamhrá**

Tá an Roinn tiománta do mheastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an chláir ‘Droichead’ sa chéad bhliain dá shaol agus feasta de réir mar is cuí. Is í an fheidhm le haon obair mheastóireachta a dhéanfaidh Cigireacht na Roinne ná ní hamháin measúnú nó tuairisc ag pointe áirithe ama a chur ar fáil, ach chomh maith leis sin, chun comhairle agus moltaí a thairiscint chun tacú le múineadh agus foghlaim maidir leis an gclár sealbhaithe churaclaim agus teanga, chun tacú le cur i bhfeidhm an chomhaontaithe seo tríd is tríd agus chun eolas a chur ar fáil chuige sin.

Tá an Roinn den tuairim:

- a) Gur gá ligint do fheidhmiú an chláir ‘Droichead’ ó lá go chéile fás agus forbairt chun freagairt don chuspóir daltaí a chumasú agus a spreagadh chun aistriú isteach i soláthar lán-Ghaeilge na scoile chomh luath agus is féidir agus comhaird ar a chinntiú nach ndéantar dochar do riachtanais na ndaltaí maidir leis na hábhair/cláir atá á leanúint acu.

Cabhróidh na tacaíochtaí teanga sa ‘Droichead’ le rannpháirtíocht na ndaltaí i saol na scoile trí chéile chomh maith.

- b) Braithfidh an cinneadh maidir leis an méid Gaeilge agus Béarla a úsáidfeadh mar mheán teagaisc ar an dul chun cinn a dhéanfaidh daltaí maidir lena gcumas chun Gaeilge a úsáid. Tá sé réasúnach glacadh leis gur féidir an méid Béarla a úsáidtear a laghdú de réir mar a fheabhsaíonn cumas Gaeilge na mac léinn. Mar an gcéanna, féadfaidh sé tarlú thar am go mbraithfidh mic léinn níos muiníní de réir a chéile maidir leis an teanga a úsáideann siad ó thaobh obair bhaile agus scrúduithe scoile a dhéanamh le níos lú spleáchais ar Bhéarla.
- c) Is é an príomhmheasúnú a dhéanfar maidir leis an gcumas sa Ghaeilge ná an fhad ar thug an mac léinn an Ghaeilge leis/léi go dtí an leibhéal ar féidir leis/léi rochtain a bheith aige/aici leis an gcuraclam mar gheall gur príomhcheist í seo maidir le hábhar a fhoghlaim tríd an dara teanga nó trí theanga eile ó thaobh an dalta de. Is airde an leibhéal inniúlachta sa teanga a theastaíonn chun rochtain a bheith agat le foghlaim ná an caighdeán is gá le haghaidh idirbheart sóisialta a d’fhéadfadh mic léinn a thabhairt leo níos tapúla de ghnáth. Tá sé seo amhlaidh toisc go dteastaíonn foclóir níos leithne agus níos sainithe mar aon le smacht ar raon i bhfad níos leithne struchtúir teanga – mar shampla, an cumas teanga theibí a úsáid, an cumas claoninsint a thuiscint agus a úsáid agus ardcumas sa teanga scríofa chomh maith leis an teanga labhartha.
- d) Braithfidh torthaí rathúla agus dul chun cinn an dalta ar an ‘Droichead’ agus aistriú an dalta amach as an ‘Droichead’ ar obair na múinteoirí le rannpháirtíocht dhearfach na ndaltaí mar aon le dea-mhéin na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

## **2. Tacaíocht**

### **Múinteoirí agus daltaí**

Chun tacú le foghlaim, beidh saintacaíocht ag teastáil ó na múinteoirí agus is gá áiseanna nua a fhorbairt maidir le:

- Cleachtas mhúinteoireachta sa chomhthéacs go mb’fhéidir nach í an Ghaeilge máthairtheanga gach dalta.
- Na struchtúir foclóra/teanga níos leithne agus níos sainithe a theastaíonn chun tacú le foghlaim in ábhair áirithe.
- Measúnú ar dhul chun cinn an mhic léinn aonair maidir le sealbhú teanga.
- Saibhriú agus seachadadh teanga tríd is tríd.
- Comhthéacs oidhreacht na teanga.

Cuirfidh leithéidí an Creatlach Coiteann Tagartha Eorpach do Theangacha agus an Creatlach ‘Is Féidir’ eolas ar fáil chun tacaíochtaí a chur ar fáil agus chun paicéid acmhainní a cheapadh.

### **Meastóireacht ag Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta**

Ar dtús, reachtálfaidh Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta meastóireacht fhadaimseartha ar éifeachtacht an chlár ‘Droichead’ ag tacú le sealbhú na Gaeilge ó thaobh na mac léinn de go leibhéil inniúlachta a chuirfeadh ar a gcumas rochtain a bheith acu le raon leathan ábhar agus cláracha curaclaim iarbhunoidreachais trí Ghaeilge i dTimthriail na Sóisear.



Leathnófar an próiseas meastóireachta chun meastóireacht a dhéanamh ar an raon idirghabhála i dTimthriail na Sinsir.

Scrúdóidh an mheastóireacht caighdeán na dtacaíochtaí a chuirtear ar fáil agus a tsíl a fhreagraíonn an scoil do riachtanais foghlama na mac léinn ag féachaint don chuspóir an t-aistriú a dhéanamh chuig oideachas trí mheán na Gaeilge.

Scrúdóidh an mheastóireacht ceisteanna cosúil le:

- Caighdeán na nósanna imeachta chun riachtanais foghlama an mhic léinn a mheasúnú ar theacht isteach sa scoil dó/di agus na socrúithe chun mic léinn ar chur ar an gclár ‘Droichead’.
- Caighdeán agus éifeachtacht na dtacaíochtaí a thugtar do mhic léinn laistigh den chlár ‘Droichead’ (lena n-áirítear caighdeán na múinteoireachta, na foghlama, an mheasúnaithe) chun tacú le sealbhú na Gaeilge agus soláthar an churaclaim ghinearálta.
- Na socrúithe chun measúnú a dhéanamh ar shealbhú teanga na ndaltaí i gcomhthéacs fhéidearacht a n-aistrithe ón ‘Droichead’.
- Caighdeán foghlama na mac léinn agus a mbaineann siad amach tar éis a n-aistrithe ón ‘Droichead’.

Beidh gá ag an staidéar le fianaise a bhailiú ag cúpla pointe ama. Féadfaidh bailiú fianaise don mheastóireacht iad seo a leanas a chuimsiú:-

- Maoirseacht ar mhuineadh agus foghlaim ar an gclár ‘Droichead’.
- Scrúdú ar obair agus ar dhul chun cinn na mac léinn.
- Idirghníomhaíocht le daltaí i suíomh an chlár ‘Droichead’ agus i suíomhanna eile i gcomhthéacs mhórshaol na scoile.
- Agallaimh leis an bhfoireann.
- Bailiúchán tuairimí daltaí de bhun agallaimh ghrúpaí fócais agus ceistneoirí.
- Bailiúchán tuairimí tuismitheoirí de bhun ceistneoirí agus agallaimh ghrúpaí fócais.
- Cáipéisí scoile a scrúdú, cáipéisí ar bith a éiríonn as féin-athbhreithniú na scoile san áireamh.
- Scrúdú ar a mbaineann mic léinn amach sna scrúduithe Stáit agus scoile.
- Agallaimh agus plé leis an bhfoireann scoile a bhaineann le hábhar.

Dé réir mar is cuí agus an ‘Droichead’ á mheasúnú ag an gCigireacht, tarraingeoidh sí ar eolas ar bith a bheas ar fáil maidir leis na cleachtais ar ghlac scoileanna eile Gaeltachta a mhúineann trí Ghaeilge leo agus déanfaidh sí comparáid bunaithe ar an méid sin sa mhéid is a bhaineann sé le hábhar.

### **Meastóireacht ar gach soláthar eile oideachais**

Beidh gach soláthar eile oideachais sa scoil oscailte do chigireacht faoin gclár meastóireachta scoile arna reachtáil ag an gCigireacht agus cuimseoidh sé seo soláthar sa chlár ‘Droichead’ sa chomhthéacs scoile uile, de réir mar is cuí.

### **3. Na Nósanna Imeachta Casaoide maidir le Feidhmiú an Chomhaontaithe seo**

Baineann na Nósanna Imeachta a moltar ag mír 19 le deacrachtaí a bhaineann go sonrach le feidhmiú an comhaontaithe seo a réiteach. Níl rún ann go dtiocfaidís in ionad nósanna imeachta casaoide a d'fhéadfaí a fheidhmiú maidir le gnéithe eile de obair na scoile, nósanna imeachta ar bith a d'fhéadfadh an tAire an bhunú faoi ailt 24 nó 28 den Acht Oideachais 1998 nó nósanna imeachta ar bith a bhaineann le pobalscoileanna tríd is tríd mar fhostóirí múinteoirí a d'fhéadfaí a aontú ó am go ham idir pobalscoileanna, an CSPC (Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha) agus an ASTI agus/nó an TUI.

Tá súil gur chóir go bhféadfaí formhór na gceisteanna a réiteach trí idirghníomhaíocht leis an múinteoir agus/nó príomhoide na scoile/an príomhoide ionaid agus gur chóir go dtabharfadh an múinteoir aonair nó an príomhoide/príomhoide ionaid freagra, munar féidir é sin a dhéanamh ag an am go ndéantar an teagmháil tosaigh, don tuismitheoir/dalta laistigh de lá nó dhó ar a mhéad, pé acu an dearfach nó diúltach an freagra sin ó thaobh an dalta/tuismitheora de. Ar an mbonn go bhféadfadh an teip freagra a thabhairt in am tráth a bheith ina ábhar le cur faoi bhráid an Bhoird, ní gá ceist na teorann ama a mheas ach ag céim níos déanaí. Meastar go mbeadh sé réasúnach go ndéanfadh an Bord Bainistíochta cinneadh laistigh de cheithre sheachtain, lena n-áirítear an cás ina lorgaítear tuairisc ó dhuine a roghnóidh an Bord Bainistíochta ón bpainéal a cheapfaidh an tAire i gcomhaontas leis an CSPC.

#### **4. Ionadaíocht Tuismitheoirí ar an mBord Bainistíochta**

Nótálann an Roinn an t-iarratas ar ionadaíocht shonrach ar an mBord Bainistíochta do thuismitheoirí áirithe. Socraítear comhdhéanamh an Bhoird Bhainistíochta ag an gcéad sceideal den Ghníomhas a phléann le bunú pobalscoileanna agus is deacair a fheiceáil conas a d'fhéadfaí freastal ar a leithéid de iarratas toisc go n-éilíonn an sceideal go dtoghfaí na baill den Bhord ar tuismitheoirí iad.

Measann an Roinn go mbeadh sé oiriúnach go mbunódh PCD grúpa comhairleach maidir le feidhmiú an chomhaontaithe seo ar a mbeadh baill den Bhord Bainistíochta, oideachasóirí agus tuismitheoirí 'Droichead' a bhfuil suim acu ann. Beidh an grúpa comhairleach seo áisiúil do Chigireacht na Roinne i gcomthéacs a cuid oibre meastóireachta. Is ionann an grúpa comhairleach seo agus Fo-choiste Droichid an Bhord Bhainistíochta ar tagraíodh dó cheana agus bunófar é chomh luath agus is infheidhmithe le réasún.

#### **5. Díolúine ó Staidéar ar 'Gaeilge'**

Foráiltear leis an mbeartas poiblí láithreach do dhíolúine ó staidéar a dhéanamh ar an ábhar 'Gaeilge' i scoileanna dara leibhéal faoi chuinsí áirithe. Éiríonn sé seo sa chomhthéacs go mbraítheann tacaíocht airgeadais do scoileanna dara leibhéal ar dhaltaí a bheith ag leanúint "cúrsa formheasta" a n-áirítear Gaeilge mar ábhar éigeantach de. Cé gur ábhar éigeantach an Ghaeilge chuige sin, níl sé éigeantach í a thógáil do scrúdú na hArdteistiméireachta ach is féidir le hiarmhairtí eile éirí as gan amhlaidh a dhéanamh (m.sh. iontráil ollscoile).

I gcás daltaí le riachtanais speisialta, bunaítear an beartas poiblí chun díolúine a dheonú ag tabhairt san áireamh an t-uallach a d'fhéadfadh a bheith ann staidéar a dhéanamh ar an dara teanga nuair is é an Béarla an mháthairtheanga. Bhainfeadh an beartas seo le nuatheangacha ón mór-roinn chomh maith ach ní éiríonn sé toisc nach bhfuil siad éigeantach.

Tá an beartas sa cheantar seo faoi athbhreithniú i gcomhthéacs inní go bhfuil torthaí leis na forálacha nach raibh ar intinn. Mar sampla, tá rogha déanta ag mic léinn le riachtanais speisialta, a lorg agus a fuair díolúine, staidéar a dhéanamh ar nuatheanga amháin ón mór-roinn nó tuilleadh.

Tá na forálacha reatha ina dtost faoi na scoileanna Gaeltachta. Is amhlaidh chomh maith go bhfuil roinnt scoileanna i limistéir Ghaeltachta arb í an Ghaeilge an teanga teagaisc iontu tar éis díolúintí a dheonú ó staidéar a dhéanamh ar an ábhar ‘Gaeilge’.

Bheadh cuma na réasúnachta air ó tharla gur chuir na scoileanna bunaidh na forálacha i bhfeidhm agus toisc go bhfuil díolúine ag cuid de na daltaí reatha, go gcuirfeadh PCD téarmaí na hImlitreach Roinne a bhaineann le hábhar i bhfeidhm ar iarratasóirí nua. Bheadh cuma na réasúnachta air leis, go sonrath ag Timthriail na Sóisear (nach bhfuil curaclam na Gaeilge ann dírithe go trom ar litriocht na Gaeilge), go gcuimhneodh dalta a bhíonn ag freastal ar an ‘Droichead’ a d’fhéadfadh a bheith le meas faoi théarmaí na hImlitreach go rachadh rannpháirteacht i ranganna Gaeilge chun leasa a c(h)uid foghlama trí chéile ar an ‘Droichead’.

## **6. Maoirseacht Ghinearálta ag an Aire**

Ní foláir don Aire/Roinn/Cigireacht agus a ról maidir leis an gcomhaontú seo á chomhlíonadh acu cuimhneamh ar na forálacha reachtúla agus, go sonrath, ar ról phatrún na scoile agus an Bhoird Bhainistíochta. Go sonrath, ba cheart a nótáil go bhfuil an Bord Bainistíochta, a cheaptar ag an bpatrún, freagrach as bainistíocht Phobalscoil Chorca Dhuibhne ó lá go lá. D’ainneoin sin agus uile, tá an tAire agus an Roinn tiománta chun tacú le pobal na scoile maidir le feidhmiú an chomhaontaithe.

I gcomhthéacs maoirseachta ag an Aire, taobh amuigh de na forálacha reachtúla, foráiltear leis an nGníomhas do phobalscoileanna (mír 12 den dara sceideal – Airteagail Bhainistíochta) go gcuirfidh an Bord ar aghaidh chuig an Roinn pé tuairiscí a bheas ag teastáil ón Aire. Lorgóidh an Roinn ó thráth go chéile tuairisc ón mBord faoi fheidhmiú an chomhaontaithe nó ag am ar bith nuair a shíleann an tAire gur gá a leithéid de thuairisc (m.sh. i gcomhthéacs fheidhmiú na nósanna imeachta casaoide). Féadfaidh tuairiscí dá leithéid a iarraidh i gcomhthéacs obair mheastóireachta na Cigireachta nó ar leithligh de réir mar is gá.

Arna dhátú an 9ú Iúil 2009

Arna shíniú thar ceann na nGearánaithe:

Finné:

Arna shíniú thar ceann na gCosantóirí Chéad-, Dara-, Tríú- agus Ceathrú-Ainmnithe:

Finné:

Arna shíniú thar ceann na gCosantóirí Cúigiú-, Séú-, agus Seachtú-Ainmnithe:

Finné:

**AN ARDCHÚIRT**

**Uimhir Thaifid: 2008/3758P**

**IDIR/**

**THOMAS GEANEY, ORLA O'SHEA  
(MIONAOISEACH AR AGRA A MÁTHAR  
AGUS A NASC-CHARA BRENDA O' SHEA),  
JOSHUA SPINN (MIONAOISEACH AR AGRA  
A MHÁTHAR AGUS A NASC-CHARA  
SYLVIA HARRINGTON), DAVID J.  
KENNEDY (MIONAOISEACH AR AGRA A  
MHÁTHAR AGUS A NASC-CHARA  
ELIZABETH KENNEDY), ALICE HAYES  
(MIONAOISEACH AR AGRA A MÁTHAR  
AGUS A NASC-CHARA ANNE HAYES),  
HELENA MORIARTY (MIONAOISEACH AR  
AGRA A MÁTHAR AGUS A NASC-CHARA  
KATHLEEN MORIARTY), DAVID GEANEY  
(MIONAOISEACH AR AGRA A MHÁTHAR  
AGUS A NASC-CHARA SUSAN GEANEY),  
RÓISÍN FAHY (MIONAOISEACH AR AGRA  
A MÁTHAR AGUS A NASC-CHARA SYLVIA  
FAHY), ANASTASIA LYAMINA  
(MIONAOISEACH AR AGRA A MÁTHAR  
AGUS A NASC-CHARA TATIANA  
FERRITER), MAXIME ANTAR  
(MIONAOISEACH AR AGRA A MHÁTHAR  
AGUS A NASC-CHARA EMER ANTAR),  
RICO HONEGGAR (MIONAOISEACH AR  
AGRA A MHÁTHAR AGUS A NASC-CHARA  
SUSAN HONEGGAR), VASILISA  
IZMAILOVITS (MIONAOISEACH AR AGRA  
A MÁTHAR AGUS A NASC-CHARA MARINA  
IZMAILOVITS)**

**GEARÁNAITHE**

**AGUS/**

**BORD BAINISTÍOCHTA PHOBALSCOIL  
CHORCA DHUIBHNE, CONSOLATA  
BRACKEN, VIVIENNE DUNNE, BARNEY  
O'REILLY AN tAIRE OIDEACHAIS AGUS  
EOLAÍOCHTA, ÉIRE AGUS AN tARD-  
AIGHNE**

**COSANTÓIRÍ**

**COMHAONTÚ SOCRAITHE**